RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1385 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Lúnasa 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2016/429 gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear speicis agus catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas.

(4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach anois na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi thrí ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis i gcúige Québec, Ceanada, agus deimhníodh iad an 28 Meitheamh agus an 9 Iúil 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR). Ós rud é go bhfuil siad gar dá chéile, cumhdaítear iad le crios srianta uathúil.

(6) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis in Birsay, Inse Orc, Albain, an Ríocht Aontaithe, agus deimhníodh í an 6 Iúil 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(7) Thairis sin, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis gar do Dartington, South Hams, Devon, Sasana, an Ríocht Aontaithe, agus deimhníodh í an 21 Iúil 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(8) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis in Deschutes County, stát Colorado, na Stáit Aontaithe, agus deimhníodh iad an 12, an 15, an 19 agus an 21 Iúil 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(9) Thairis sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi thrí ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis in Sanpete County, stát Utah, na Stáit Aontaithe, agus deimhníodh iad an 14, an 19 agus an 26 Iúil 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(10) Sa bhreis air sin, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann in éanlaith chlóis in Snohomish County, stát Washington, na Stáit Aontaithe, agus deimhníodh í an 18 Iúil 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(11) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(12) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiún ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin agus chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, níor cheart údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, do tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann le déanaí.

(13) Chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina chríoch i ndáil le dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann i mbunaíochtaí éanlaithe clóis: ráig amháin acu sin i gcúige Alberta, Ceanada a deimhníodh an 11 Aibreán 2022 agus ráig eile acu i gCúige Québec, ráig a deimhníodh an 21 Aibreán 2022. Chuir Ceanada faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne sé chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, chuir Ceanada beartas díothaithe chun feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Sa bhreis air sin, thug Ceanada chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar na bunaíochtaí éanlaithe clóis sin a bhí ionfhabhtaithe ina chríoch.

(14) Thairis sin, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch i ndáil le haon ráig déag den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann i mbunaíochtaí éanlaithe clóis: ráig amháin gar do Blaydon, Gateshead, Tyne and Wear, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráig a deimhníodh an 23 Feabhra 2022; ráig amháin gar do Elmswell, Suffolk Láir, Suffolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráig a deimhníodh an 26 Feabhra 2022; dhá ráig gar do Redgrave, Suffolk Láir, Suffolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráigeanna a deimhníodh an 1 Márta 2022 agus an 12 Márta 2022; ráig amháin gar do Market Weston, Suffolk Thiar, Suffolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráig a deimhníodh an 12 Márta 2022; ráig amháin gar do Stowmarket, Suffolk Láir, Suffolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráig a deimhníodh an 28 Márta 2022; ráig amháin gar do Newton St Cyres, Devon Láir, Devon, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráig a deimhníodh an 6 Aibreán 2022; dhá ráig gar do Tedburn St Mary, Teignbridge, Devon, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráigeanna a deimhníodh an 7 Aibreán 2022 agus an 13 Aibreán 2022; ráig amháin gar do Eye, Suffolk Láir, Suffolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráig a deimhníodh an 8 Aibreán 2022; agus ráig amháin gar do Ilkeston, Erewash, Derbyshire, Sasana, an Ríocht Aontaithe, ráig a deimhníodh an 22 Aibreán 2022. Chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne sí chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, chuir an Ríocht Aontaithe beartas díothaithe chun feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Sa bhreis air sin, thug an Ríocht Aontaithe chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar na bunaíochtaí éanlaithe clóis sin a bhí ionfhabhtaithe ina críoch.

(15) Sa bhreis air sin, chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina gcríoch i ndáil le naoi ráig déag den fhliú éanúil ardphataigineach atá ann i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i Stáit Delaware, Indiana, Iowa agus South Dakota, na Stáit Aontaithe, ráigeanna a deimhníodh idir an 23 Feabhra 2022 agus an 13 Aibreán 2022. Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, chuir na Stáit Aontaithe beartas díothaithe chun feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Sa bhreis air sin, thug na Stáit Aontaithe chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar na bunaíochtaí éanlaithe clóis sin a bhí ionfhabhtaithe ina gcríoch.

(16) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe isteach agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis díothaithe agus nach bhfuil aon riosca ag baint a thuilleadh le tráchtearraí éanlaithe clóis a theacht isteach san Aontas ó na criosanna i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe ná sna Stáit Aontaithe ar ina leith a cuireadh teacht isteach na dtráchtearraí éanlaithe clóis ar fionraí de dheasca na ráigeanna sin.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

(18) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) Leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.14:

'**CA** Ceanada	CA-2.14	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		11.4.2022	4.8.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		11.4.2022	4.8.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		11.4.2022	4.8.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		11.4.2022	4.8.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		11.4.2022	4.8.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		11.4.2022	4.8.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		11.4.2022	4.8.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		11.4.2022	4.8.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		11.4.2022	4.8.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		11.4.2022	4.8.2022';

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.29:

'**CA** Ceanada	CA-2.29	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		21.4.2022	19.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		21.4.2022	19.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		21.4.2022	19.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		21.4.2022	19.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		21.4.2022	19.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		21.4.2022	19.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		21.4.2022	19.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		21.4.2022	19.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		21.4.2022	19.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		21.4.2022	19.7.2022';

(iii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chrios CA-2.74 tar éis na rónna le haghaidh chrios CA-2.73:

'**CA** Ceanada	CA-2.74	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		9.7.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		9.7.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		9.7.2022	
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		9.7.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		9.7.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		9.7.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		9.7.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		9.7.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		9.7.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		9.7.2022';	

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.101:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.101	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		23.2.2022	4.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		23.2.2022	4.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		23.2.2022	4.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		23.2.2022	4.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		23.2.2022	4.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		23.2.2022	4.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		23.2.2022	4.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		23.2.2022	4.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		23.2.2022	4.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		23.2.2022	4.7.2022';

(v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.103 agus GB-2.104:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.103	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		26.2.2022	21.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		26.2.2022	21.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		26.2.2022	21.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		26.2.2022	21.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		26.2.2022	21.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		26.2.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		26.2.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		26.2.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		26.2.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		26.2.2022	21.7.2022
	GB-2.104	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		1.3.2022	21.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.3.2022	21.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		1.3.2022	21.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		1.3.2022	21.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		1.3.2022	21.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		1.3.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		1.3.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		1.3.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.3.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		1.3.2022	21.7.2022';

(vi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.106 agus GB-2.107:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.106	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
	GB-2.107	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		12.3.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		12.3.2022	21.7.2022';

(vii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.112:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.112	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		28.3.2022	21.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		28.3.2022	21.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		28.3.2022	21.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		28.3.2022	21.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		28.3.2022	21.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		28.3.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d’éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		28.3.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		28.3.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		28.3.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		28.3.2022	21.7.2022’;

(viii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.114:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.114	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		6.4.2022	15.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		6.4.2022	15.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		6.4.2022	15.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		6.4.2022	15.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		6.4.2022	15.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		6.4.2022	15.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d’éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		6.4.2022	15.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		6.4.2022	15.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		6.4.2022	15.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		6.4.2022	15.7.2022’;

(ix) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.116:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.116	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		7.4.2022	15.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		7.4.2022	15.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		7.4.2022	15.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		7.4.2022	15.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		7.4.2022	15.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		7.4.2022	15.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d’éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		7.4.2022	15.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		7.4.2022	15.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		7.4.2022	15.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		7.4.2022	15.7.2022’;

(x) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.118 go GB-2.120:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.118	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		8.4.2022	21.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		8.4.2022	21.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		8.4.2022	21.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		8.4.2022	21.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		8.4.2022	21.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		8.4.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d’éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		8.4.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		8.4.2022	21.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		8.4.2022	21.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		8.4.2022	21.7.2022

	GB-2.119	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		13.4.2022	15.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		13.4.2022	15.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		13.4.2022	15.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		13.4.2022	15.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		13.4.2022	15.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		13.4.2022	15.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		13.4.2022	15.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		13.4.2022	15.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		13.4.2022	15.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		13.4.2022	15.7.2022
	GB-2.120	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		22.4.2022	27.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		22.4.2022	27.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		22.4.2022	27.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		22.4.2022	27.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		22.4.2022	27.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		22.4.2022	27.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		22.4.2022	27.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		22.4.2022	27.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		22.4.2022	27.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		22.4.2022	27.7.2022’;

(xi) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.127 agus GB-2.128 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.126:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.127	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		6.7.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		6.7.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		6.7.2022	
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		6.7.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		6.7.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		6.7.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		6.7.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		6.7.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		6.7.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		6.7.2022	
	GB-2.128	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		21.7.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		21.7.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		21.7.2022	
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		21.7.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		21.7.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		21.7.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		21.7.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		21.7.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		21.7.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		21.7.2022';	

(xii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.9 agus US-2.10:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.9	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
	US-2.10	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		23.2.2022	4.8.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		23.2.2022	4.8.2022';

(xiii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.26 agus US-2.27:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.26	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		17.3.2022	29.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		17.3.2022	29.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		17.3.2022	29.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		17.3.2022	29.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		17.3.2022	29.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		17.3.2022	29.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		17.3.2022	29.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		17.3.2022	29.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		17.3.2022	29.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		17.3.2022	29.7.2022
	US-2.27	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		17.3.2022	3.8.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		17.3.2022	3.8.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		17.3.2022	3.8.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		17.3.2022	3.8.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		17.3.2022	3.8.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		17.3.2022	3.8.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		17.3.2022	3.8.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		17.3.2022	3.8.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		17.3.2022	3.8.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		17.3.2022	3.8.2022';

(xiv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.30:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.30	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		18.3.2022	26.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		18.3.2022	26.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		18.3.2022	26.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		18.3.2022	26.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		18.3.2022	26.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		18.3.2022	26.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d’éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		18.3.2022	26.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		18.3.2022	26.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		18.3.2022	26.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		18.3.2022	26.7.2022’;

(xv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.32:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.32	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		20.3.2022	26.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		20.3.2022	26.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		20.3.2022	26.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		20.3.2022	26.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		20.3.2022	26.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		20.3.2022	26.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d’éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		20.3.2022	26.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		20.3.2022	26.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		20.3.2022	26.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		20.3.2022	26.7.2022’;

(xvi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.35:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.35	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		22.3.2022	25.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		22.3.2022	25.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		22.3.2022	25.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		22.3.2022	25.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		22.3.2022	25.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		22.3.2022	25.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d’éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		22.3.2022	25.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		22.3.2022	25.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		22.3.2022	25.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		22.3.2022	25.7.2022’;

(xvii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.38:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.38	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		23.3.2022	25.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		23.3.2022	25.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		23.3.2022	25.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		23.3.2022	25.7.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		23.3.2022	25.7.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		23.3.2022	25.7.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d’éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		23.3.2022	25.7.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		23.3.2022	25.7.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		23.3.2022	25.7.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		23.3.2022	25.7.2022’;

(xviii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.44:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.44	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		25.3.2022	28.7.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		25.3.2022	28.7.2022
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		25.3.2022	28.7.2022
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		25.3.2022	28.7.2022
